



Tairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí Céim 4 Treoir Réamhthosaithe

Ag teacht leis na hathruithe atá riachtanach chun Gráid Ríofa a chur ar fáil do scoláirí a bhí chun scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí a dhéanamh i mbliana, tá Tairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí forbartha ag Oifig Feidhmiúcháin na nGrád Ríofa sa Roinn Oideachais.

Tá **Tairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí** oscailte anois do scoláirí a ghlac leis an rogha Gráid Ríofa a fháil ionas go bhféadfaidh siad:

- Amharc ar an marc céatadán measta a chuir an scoil ar fáil agus ar an Marc céatadán Ríofa a bronnadh i ndiaidh an phróisis caighdeánaithe.
- Achomharc a dhéanamh i gcoinne an Ghráid Ríofa a fuair siad

Beidh an tseirbhís a bhaineann le hlarratais ar Achomhairc ar Líne ar fáil freisin ó 9am ar an Luan an 14 Meán Fómhair go dtí 5pm ar an gCéadaoin an 16 Meán Fómhair 2020. Cloífead go docht leis an sprioc-am sin.

Léigh an treoir seo ina hiomláine, le do thoil, sula dtosóidh tú.

Rinne an tAire Oideachais, Norma Foley TD, dhá fhógra le déanaí, ceann ar an 1 Meán Fómhair maidir leis an bpróiseas caighdeánaithe náisiúnta atá mar chuid de shamhail na nGrád Ríofa atá á gcur ar fáil do scoláirí na hArdteistiméireachta i mbliana. Féadfar breis eolais a fháil [anseo](#)

Rinneadh an dara fógra ar an 26 Lúnasa maidir leis na scrúduithe Ardteistiméireachta a cuireadh siar a bheith ag tosú i mí na Samhna. Féadfar breis eolais a fháil [anseo](#)

Murar chláraigh tú roimhe seo, ní mór duit clárú i dtús báire.

MURAR chláraigh tú, téigh ar aghaidh chuig CÉIM 2 sa treoir seo.

Dearadh tairseach na scoláirí le go mbeadh sé éasca í a úsáid ach ní mór duit an treoir seo a léamh ina hiomláine lena chinntiú go bhfuil gach rud a theastaíonn agat sula gcuirfidh tú tús le próiseas an chlárúcháin.

Mura bhfaighidh tú na freagraí a theastaíonn uait tar éis an treoir seo a léamh, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach ag 1800-111135 nó 1800-111136. Tabhair do d'aire, le do thoil, nach mbeidh línte fóin na deisce cabhrach ar fáil ACH AMHÁIN idir 9 am agus 4 pm ón Luan an 7 Meán Fómhair go dtí an Chéadaoin an 16 Meán Fómhair de bharr srianta COVID-19

Taobh amuigh de na huaireanta sin, féadfaidh tú ríomhphost a chur chuig lcsupport2020@education.gov.ie.

Céim 1: Amharc ar do Mharc céatadáin Measta agus ar do Mharc céatadáin Ríofa

1. Sula dtosóidh tú, beidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait:
 - a. do **Scrúduimhir** - d'úsáid tú í sin chun do chuntas a chruthú,
 - b. an **Pasfhocal** a chruthaigh tú nuair a chláraigh tú do chuntas.
Ná bíodh imní ort má chaill tú do phasfhocal, beidh tú ábalta ceann nua a chruthú.
 - c. rochtain ar an seoladh ríomhphoist a d'úsáid tú nuair a bhí tú ag Clárú
2. **Logáil isteach chuig <https://lc2020.education.gov.ie/>** Cliceáil ar an gcnaipe **Logáil Isteach**. Tabharfaidh sé sin chuig scáileán don Logáil isteach thú
3. **Logáil isteach chuig do chuntas** - Cuir isteach an scrúduimhir agus an pasfhocal a chruthaigh tú le linn phróiseas an chlárúcháin. Cliceáil ar an gcnaipe **Logáil Isteach**. Tabharfaidh sé sin chuig scáileán thú ina dtugtar sonraí maidir leis an bpróiseas Achomharc. Ní mór duit tic a chur le bosca lena dheimhniú gur léigh tú na sonraí sin sular féidir leat dul ar aghaidh.
4. Féadfaidh tú ansin rochtain a fháil ar scáileán na dTorthaí agus na nAchomharc áit a bhféadfaidh tú: **'Iarratas a dhéanamh chun Rochtain a fháil ar do Shonraí Pearsanta'** - ceadóidh sé sin duit amharc ar do Mharc Céatadáin Measta agus ar do Mharc Céatadáin Ríofa. Féadfaidh tú an cnaipe glas **'Faigh Rochtain ar mo Ráiteas ar Thorthaí Sealadacha'** chun do Ráiteas ar Thorthaí Sealadacha a íoslódáil agus a chur i gcló.
'Cuir isteach iarratas chun Achomharc a dhéanamh i gcoinne do Thoraidh'
Féadfaidh tú achomharc a dhéanamh de réir an ábhair. Ní mór duit cliceáil ar an ticbhosca don ábhar ar mian leat Achomharc a dhéanamh ina leith. A luaithe a éireoidh leat an t-iarratas a dhéanamh, gheobhaidh tú deimhniú air sin ar an scáileán agus ar ríomhphost. Deimhnigh, le do thoil, go mbeidh siad sin agat mar gur deimhniú iad gur éirigh leat an t-iarratas a dhéanamh. Ba cheart duit na sonraí atá orthu sin a sheiceáil go cúramach mar nach nglacfar le hiarratais dhéanacha.

Céim 2: Cláraigh

1. Sula dtosóidh tú, beidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait:
 - a. do Scrúduimhir — **féach thíos mura bhfuil an uimhir sin ar eolas agat.**
 - b. d'Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí (UPSP)
 - c. seoladh ríomhphoist a mbeidh rochtain rialta agat air sna míonna seo amach romhainn
 - d. d'uimhir fóin póca.
2. Bainfidh tú úsáid as na chéad cheithre dhigit de d'uimhir PSP mar d'uimhir aitheantais phearsanta (UAP) chun d'aitheantas a dheimhniú sa phróiseas clárúcháin.



3. Téigh chuig www.gov.ie/leavingcertificate
4. Cliceáil ar an nasc **Tairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí** ag barr an leathanaigh. Tabharfaidh sé sin chuig leathanach fáiltithe Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí thú
5. Roghnaigh an cnaipe glas **Cláraigh ag Úsáid Uimhir Iarrthóra agus UAP**. Ansin, tabharfar chuig an leathanach Clárúchán Céim 1 thú. Is ansin a dhéanfaidh tú d'aitheantas a dheimhniú.
6. **Deimhnigh d'Aitheantas** —Ar an leathanach Clárúchán Céim 1 cuir isteach do Scrúduimhir sa chéad bhosca. Cuir isteach na chéad cheithre dhigit de do UPSP sa bhosca a bhfuil UAP marcáilte air. Cliceáil ar **Deimhnigh Aitheantas** Ansin, tabharfar chuig an leathanach Clárúchán Céim 2 thú. Is ansin a dhéanfaidh tú do Chuntas do Thairseach na nGrád Ríofa do Scoláirí a chruthú.
7. **Cruthaigh do Chuntas** — Ar an leathanach Clárúchán Céim 2, ní mór duit iad seo a leanas a chur isteach agus a dheimhniú;
 - a. D'uimhir fóin póca.
 - b. Do sheoladh ríomhphoist

Ní mór duit freisin pasfhocal a chruthú agus beidh ort é sin a chur isteach agus a dheimhniú. Ní mór go mbeadh 8 gcarachtar ar a laghad sa phasfhocal agus go mbeadh carachtair sa chás uachtair agus sa chás íochtair chomh maith le huimhreacha san áireamh ann. Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, cliceáil ar an gcnaipe **Cruthaigh Cuntas**. Nuair a dhéanfaidh tú é sin ginfear ríomhphost chuig do sheoladh ríomhphoist agus tabharfar chuig an leathanach um Ghníomhachtú Cuntais thú.

8. **Gníomhachtaigh do Chuntas** — Chun an próiseas clárúcháin a chríochnú, ní mór duit cliceáil ar an nasc sa ríomhphost a seoladh chuig do chuntas ríomhphoist. Is ón Roinn Oideachais agus Scileanna a thiocfaidh an ríomhphost sin. Más cosúil nach bhfuair tú an ríomhphost seiceáil d'fhilleáin TURSCAIR agus DRAMHAÍOLA sula rachaidh tú i dteagmháil leis an deasc chabhrach. Má chliceálann tú ar an nasc sa ríomhphost críochnófar an próiseas clárúcháin agus deimhneofar do Chuntas TGRS. Tabhair do d'aire: ní mór duit cliceáil ar an nasc sin chun do chuntas a ghníomhachtú.
9. Coinnigh sonraí do chuntais in áit shábháilte (an Scrúduimhir agus an pasfhocal a chruthaigh tú) ionas go bhféadfaidh tú rochtain a fháil ar an tairseach níos déanaí nuair a iarrfaimid ort sin a dhéanamh.

NÍL MO SCRÚDUIMHIR AR EOLAS AGAM – CONAS IS FÉIDIR LIOM Í SIN A FHÁIL?

Thug do scoil, d'ionad oideachais, nó Coimisiún na Scrúduithe Stáit an uimhir sé dhigit sin duit níos luaithe sa bhliain má d'iontráil tú ar an Ardeistiméireacht go neamhspleách. Seiceáil do chuid taifead, le do thoil, chun an uimhir a fháil.

Mura bhfuil tú fós ábalta teacht ar an uimhir agus má tú ag freastal ar scoil nó ar ionad oideachais eile (lena n-áirítear Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna nó coláiste príobháideach) ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leosan chun cabhair a lorg.

Más iarrthóir seachtrach thú ba cheart go mbeadh an uimhir sin agat ar taifead ón gcomhfhreagras a fuair tú ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Mura bhfuil tú ábalta teacht ar an uimhir sin fós féin, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach chun cabhair a fháil.

TÁ MO PHASFHOCAL DEARMADTA AGAM – CONAS IS FÉIDIR LIOM É SIN A FHÁIL?

Mura féidir leat cuimhneamh ar do phasfhocal ba cheart duit cliceáil ar an nasc ‘An nDearna tú Dearmad ar do Phasfhocal?’ agus ceann nua a chruthú.

Cosaint Sonraí

Cad dó a bhfuil mo chuid sonraí á mbailiú?

D’fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna ar an 08 Bealtaine 2020 go raibh Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020 á gcur ar athlá agus go mbunófaí samhail na nGrád Ríofa chun go bhféadfadh scoláirí Ardteistiméireachta teastasú Stáit a fháil i leith a ngnóthachtálacha foghlama agus dul ar aghaidh chuig an oideachas tríú leibhéal nó chuig saol na hoibre i bhfómhar na bliana 2020. Is í an phríomhchúis a dteastaíonn na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú ón Roinn Oideachais agus Scileanna ná chun Gráid Ríofa a chur ar fáil duit sa chás go roghnaíonn tú iad a fháil. Cuirfear na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú ar aghaidh chuig do scoil chun go bhféadfaidh siad tús a chur leis an bpróiseas sin.

Tá an fógra príobháideachta ina dtugtar eolas breise ar úsáid sonraí pearsanta sa phróiseas seo chomh maith le sonraí iomlána maidir le beartas na Roinne um chosaint sonraí ar fáil ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/>. Tá sonraí maidir leis an mbeartas sin agus maidir leis an bhfógra príobháideachta ar fáil freisin mar chóip chrua (féach an fógra príobháideachta i gcomhair sonraí).